21.2.2024 A9-0424/17

**Leasú 17**
**Marc Botenga, Miguel Urbán Crespo, Manu Pineda, Manon Aubry, Younous Omarjee, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 10 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. ag tabhairt dá haire go bhfuil Iosrael cúisithe i gcinedhíothú; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfaí an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas agus Iosrael a fhoirceannadh láithreach, ós rud é nach féidir leis an Aontas Eorpach ná leis na Ballstáit a bheith comhpháirteach i gcoireanna cogaidh Iosrael in Gaza;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/18

**Leasú 18**
**Marc Botenga, Miguel Urbán Crespo, Manu Pineda**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 11**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. ag cáineadh go láidir agus á chur in iúl gur cúis mhór imní di na huafáis, coireanna cogaidh agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear foréigean gnéasach, foréigean inscne-bhunaithe, díbirt leanaí agus céasadh agus marú sibhialtach agus príosúnach cogaidh, arna ndéanamh ag fórsaí armtha na Rúise agus a n-ionadaithe sa chogadh foghach neamhdhleathach, gan chúis, gan údar a thug an Rúis in aghaidh an Úcráin; á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach tacú leis an Úcráin ina cogadh in aghaidh na Rúise chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint; ag tathant go nglacfar na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar na daoine sin a rinne coireanna cogaidh agus sáruithe ar chearta an duine san Úcráin a shainaithint agus a thabhairt chun cuntais; á iarraidh go leanfadh an tAontas agus a Bhallstáit dá dtacaíocht iomlán a thabhairt do na geallsealbhóirí, na bearta agus na sásraí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí agus breithiúna na hÚcráine, ICC, Coimisiún Fiosrúcháin Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus imscrúduithe náisiúnta faoi phrionsabal na dlínse uilíche; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé fianaise | 11. ag cáineadh go láidir agus á chur in iúl gur cúis mhór imní di na huafáis, coireanna cogaidh agus sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, lena n-áirítear foréigean gnéasach, foréigean inscne-bhunaithe, díbirt leanaí agus céasadh agus marú sibhialtach agus príosúnach cogaidh, arna ndéanamh ag fórsaí armtha na Rúise agus a n-ionadaithe sa chogadh foghach neamhdhleathach, gan chúis, gan údar a thug an Rúis in aghaidh an Úcráin***, chomh maith leo siúd a rinne fórsaí Iosrael ina n-ionsaí ar Gaza***; á mheabhrú go bhfuil sé ríthábhachtach tacú leis an Úcráin ina cogadh in aghaidh na Rúise***, agus tacú leis na daoine atá ag déileáil le hionsaithe Iosrael,*** chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe a chosaint; ag tathant go nglacfar na bearta uile is gá chun a áirithiú go ndéanfar na daoine sin a rinne coireanna cogaidh agus sáruithe ar chearta an duine san Úcráin ***agus in Gaza*** a shainaithint agus a thabhairt chun cuntais; á iarraidh go leanfadh an tAontas agus a Bhallstáit dá dtacaíocht iomlán a thabhairt do na geallsealbhóirí, na bearta agus na sásraí ábhartha sa réimse sin, lena n-áirítear ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí agus breithiúna na hÚcráine, ICC, Coimisiún Fiosrúcháin Chomhairle na Náisiún |

ar choireanna cogaidh agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna a bhailiú agus a chaomhnú go pras agus á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na sochaí sibhialta chun na críche sin;

Aontaithe um Chearta an Duine agus imscrúduithe náisiúnta faoi phrionsabal na dlínse uilíche; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé fianaise ar choireanna cogaidh agus ar choireanna in aghaidh an chine dhaonna a bhailiú agus a chaomhnú go pras agus á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na sochaí sibhialta chun na críche sin;

Or. en

21.2.2024 A9-0424/19

**Leasú 19**
**Miguel Urbán Crespo, João Pimenta Lopes, Manu Pineda, Manon Aubry, Younous Omarjee, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 11 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***11a. ag cáineadh go láidir agus á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di na hainghníomhartha, na coireanna cogaidh agus na sáruithe tromchúiseacha ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta arna ndéanamh ag fórsaí armtha Iosrael in Gaza; ag cáineadh go láidir na n-ionsaithe Iosraelacha le haerthrúis agus úsáid arm ceimiceach i gcoinne sibhialtaigh Phalaistíneacha i Stráice Gaza; á chur i bhfios go láidir gur coireanna cogaidh iad na hionsaithe sin agus gur sárú ar Choinbhinsiún na Ginéive iad; ag cáineadh bheartas Iosrael maidir le pionós comhchoiteann i gcoinne mhuintir Gaza atá contrártha leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta agus nach mór deireadh a chur leis; á thabhairt chun suntais gur coir chogaidh é díbirt éigeantach an daonra; á chur in iúl gur cúis bhuartha di na himpleachtaí réigiúnacha a bhaineann le heitilt na bPalaistíneach ó Stráice Gaza;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/20

**Leasú 20**
**Marc Botenga, Miguel Urbán Crespo, João Pimenta Lopes, Manu Pineda, Manon Aubry, Younous Omarjee, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 11 b (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11b. Á iarraidh go dtacófaí le tionscnamh Phoblacht na hAfraice Theas chun Iosrael a ionchúiseamh as coireanna cogaidh agus cinedhíothú in Gaza; á chur i bhfáth go luaitear sa rialú eatramhach a d'eisigh an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta (CBI) – cúirt is airde na Náisiún Aontaithe – go bhfuil fianaise le dealramh ann chun imscrúdú a dhéanamh ar Iosrael féachaint an ndearna sé cinedhíothú agus á iarraidh ar Iosrael bearta a dhéanamh chun an cinedhíothú sin a chosc; á iarraidh ar na Ballstáit tacú le CBI agus a éileamh go ndéanfadh Iosrael na horduithe, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, arna n-eisiúint ag an gcúirt a chomhlíonadh láithreach;*** |

Or. en

**Leasú 21**
**Marc Botenga, Miguel Urbán Crespo, João Pimenta Lopes, Manu Pineda, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 12 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12a. á chur in iúl gur saoth léi easpa gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le coireanna cogaidh Iosrael in Gaza, chomh maith le hionsaithe gan bhunús arna ndéanamh ag Rialtas agus arm Iosrael ar na Náisiúin Aontaithe agus go háirithe ar Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA);*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/22

**Leasú 22**
**Miguel Urbán Crespo, Marc Botenga, Manu Pineda, João Pimenta Lopes, Manon Aubry, Younous Omarjee, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 12 b (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***12 b. á thabhairt chun suntais go bhfuil ról do-athraithe ag Gníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha (UNRWA) maidir le marthanas laethúil cabhrach criticiúla a chur ar fáil do 2.2 milliún sibhialtach in Gaza, atá faoi bhagairt doshéanta ar a saol agus ar na cearta is bunúsaí; ag diúltú do chistiú do UNRWA a bheith curtha ar fionraí ag 18 mBallstát agus á mheabhrú, mura ndéanfar an cinneadh sin a aisiompú, nach mbeidh cistí ag UNRWA sna míonna atá le teacht; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an Aontas agus a Bhallstáit tacaíocht agus an cistiú cuí a dheonú do UNRWA chun go leanfaidh sé leis an obair tarrthála dhaonnúil agus go gcuirfidh sé feabhas uirthi;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/23

**Leasú 23**
**Marc Botenga, Miguel Urbán Crespo, Manu Pineda, Manon Aubry, Younous Omarjee, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 13 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***13a. á iarraidh ar na Ballstáit deireadh a chur láithreach le honnmhairiú arm chuig Iosrael i gcomhréir le Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata[1a]; ag tabhairt rabhadh gur féidir Ballstáit a thacaíonn le hIosrael trí bhíthin lastais arm a agairt anois in CBI as comhpháirteachas i gcinedhíothú i gcoinne na bPalaistíneach de shárú ar Airteagal 3(e) den Choinbhinsiún um Chinedhíothú, ina ndéantar coir as comhpháirteachas;*** |
| | ***[1a] Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/24

**Leasú 24**
**Marc Botenga, Miguel Urbán Crespo, João Pimenta Lopes, Manu Pineda, Manon Aubry, Younous Omarjee, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 13 b (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***13b. á iarraidh go mbeadh sos cogaidh ann láithreach in Gaza;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/25

**Leasú 25**
**Miguel Urbán Crespo, Manu Pineda**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 14 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14a. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di go bhfuil forghabháil agus ionghabháil fhadtréimhseach fós ag leanúint ar aghaidh; á iarraidh go dtabharfaí aird ar leith ar staid chearta an duine i gcríocha atá faoi fhorghabháil neamhdhleathach, lena n-áirítear i gcásanna forghabhála fadtréimhsí, amhail sa Phalaistín agus sa Sahára Thiar, agus sna hilchoinbhleachtaí calctha, agus go nglacfaí bearta éifeachtúla d'fhonn treascairtí tromchúiseacha ar chearta an duine a chosc, lena n-áirítear sárú ar an gceart chun beatha, srian ar shaorghluaiseacht agus idirdhealú;*** |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/26

**Leasú 26**
**Miguel Urbán Crespo, Manu Pineda, Manon Aubry, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 15 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***15a. á chur i bhfáth go bhfuil roinnt Ballstát AE i measc na n-onnmhaireoirí arm is mó ar domhan agus á mheas go bhfuil sé ríthábhachtach caighdeáin idirnáisiúnta maidir le díolacháin arm a chur i bhfeidhm agus a neartú chun cosc a chur ar aon Bhallstát AE nó ar aon chuideachta Eorpach a bheith rannpháirteach go díreach nó go hindíreach i ngéarú foréigin nó i maoiniú arm nó grúpaí a bhfuil baint acu le mí-úsáid; á iarraidh ar na cuideachtaí sin gealltanas a thabhairt maidir lena bhfreagrachtaí morálta, sóisialta agus dlíthiúla;*** |

Or. en